

An Nádúr

Ceapaim nach bhfeicfidh mé
Dán chomh galánta leis an gcrann.

Crann a bhfuil a bhéal oscailte
Agus a chrochann a dhuilleoga leis an ngaoth.

Crann a bhíonn ag féachaint ar Dhia,
Agus nead éin ar an gcrann.

Bíonn go leor crann ann freisin,
Agus bíonn siad go hálainn le feiceáil.

Bíonn dánta scríofa ag daoine,
Ach is é Dia an t-aon neach
Atá in ann crann a dhéanamh.

(Aistriú ar dhán Béarla)
Susanne Ní Chualáin

* * *

Tá balla carraige thart timpeall an gharraí
Athraíonn sé leis na séasúir
Ag feabhsú nó ag éirí níos measa le haois;
San earrach ceiliúrann sé breith nua.

Ena Ní Dhonnacha

* * *

Bhí an crann ansin
Chomh fada is a bhí cuimhne agam.

Ní raibh a fhios ag aon duine
Cé chomh sean is a bhí sé.

Shiúilinn thairis gach lá
Ar mo bhealach abhaile.

Ach ní raibh sé ann inniu.
Tá sé imithe!

“Tá sé goidte,” a scread mé.
Níl an crann ann níos mó.

Chuile lá baintear crainnte -
I gceann cúpla bliain,
Ní bheidh aon cheann fágtha!
Bairbre Ní Alluráin

* * *

Tá an nádúr go breá
Ag brath ar an lá.
Tá an ghrian ag taitneamh
Tá spraoi ag na páistí
Is breá liom an nádúr!
Rónán Ó Maoláin

* * *

Tá na plandaí ag fás
Mór agus glas
Agus ainmhithe ag dúiseacht
Ag tógáil an aeir.
Tá an ghrian ag scalladh
Síos ar an domhan go láidir
Tá beagán gaoithe ag séideadh.
Tá an samhradh anseo
Is beidh an scoil thart go luath
Nach mé atá sásta
Is breá liom nádúr an tsamhraidh.
Anna Ní Gabhann

* * *

Is deas é an nádúr
Le go leor, leor crainnte
Murach na crainnte sin
Ní bheadh muid anseo!
Caoimhe Ní Choisdealbha

* * *

Bíonn na bláthanna fásta,
Na duilleoga ar na crainn,
Bíonn laethanta saoire againn ón scoil.

Déanann muid campaí samhraidh,
Agus téann muid ar laethanta saoire
Thar lear!

Bíonn an aimsir te,
Téann muid ag an trá,
Ag ithe uachtar reoite
Is ag ól liomanáide
Is bíonn muid ag snámh
Freisin!

Treasa Ní Cheallaigh

* * *

Tá an dúlra an-tábhachtach do gach duine.
Caithfidh muid é a choinneáil slán sábháilte.
É a choinneáil slán d’ainmhithe, d’éin agus do na héisc.
Ach tá an dúlra millte againn
B’fhéidir nach bhfuil muid in ann é a chur ceart.
Seachain!
Ní bheidh dúlra againn mura dtabharfaidh muid aire dó.
Nach bhfuil tú ag iarraidh an dúlra a choinneáil go deo?

Ena Ní Dhonnacha

* * *

Sa samhradh
Bíonn an ghrian amuigh
Ag scoilteadh na gcloch
Is na bláthanna ag fás.

Sa bhfómhar
Bíonn na duilleoga
Ag titim de chrainn
Faigheann sé dorch
Is téann ainmhithe a chodladh.

Sa ngeimhreadh
Bíonn na crainnte bán
Na héin ag feadaíl
Ag cuartú bia.

San earrach
Bíonn an bachlóga ar chrainnte
Na bláthanna ag teacht amach
An aimsir go deas ...
Ach fós bíonn an aimsir gheimhriúil thart!
Niamh Ní Fhatharta

* * *

Ó na crainnte
Go dtí na plandaí,
Ó na péiste
Go dtí na héin,
Bhí an nádúr chomh ciúin le loch
Agus chomh deas le píóg úll.
Ach lá amháin
Bhain daoine crainnte
Dhóigh siad ola
Agus thosaigh siad téamh aeráide.
Anois níl an domhan chomh deas gleoite,
Tá sé millte ag saint daoine.
Is níl an nádúr mar a bhí!

Oisín Bolustrom

* * *

Tá scamail sa spéir,
Tá féar glas ag fás,
Tá na laonna le feiceáil
Is na huain bheaga bhána,
Tá an t-earrach anseo!

Jordan Ó Cualáin

* * *

Tá an nádúr in Éirinn go maith san earrach
Uain óga is laonna ag ritheacht go meidhreach
Thart ar chnocáin is ar bhánta gan stró.
Tá an spéir chomh gorm leis an bhfarraige féin
Tá leoithne gaoithe ag séideadh anonn is anall
Tá féar is glasaí ag fás.

Breandán de Búrca

* * *

Tá an dreach tíre go hálainn
Tá sé an-ghlas ar fad
Le hainmhithe thart timpeall na háite.

Tá an nádúr ciúin maidin is oíche
Ní chloiseann tú ach cantain éin.
Tá an t-atmaisféar iontach.
Is breá liom an nádúr mé féin!

Fionnuala Ní Chualáin

* * *

Ag siúl liom
Ar bhóithre na smaointe
Gach rud thart orm nádúrtha.
An spéir chomh gorm
Is í cosúil le gloine.
An talamh thíos fúm chomh glas is
chomh mín.
Na héin ag canadh go binn sna
crainn.
An ghaoth ag séideadh anonn is
anall.
Na beacha féin ag socrú nid.
An nádúr le feiceáil ins na
páirceanna.
Na huain óga ag damhsa thart
Ag spraoi sa bhféar.
Áilleacht san áit.
Áilleacht sa duine
Áilleacht sa domhan uilig
I measc nádúr na háite.
Keith Ó Fatharta

* * *

Chonaic mé sionnach sa ngarraí
Tráthnóna inné.
Chonaic mé arís is arís
An sionnach sa ngarraí
Tráthnóna inné.

An t-earrach a bhí ann
Bhí gach rud ag fás
An féar is duilleoga nua ar chrainn.

Inniu lean mé an sionnach
Rith sé siar an garraí
Chonaic mé ag dul i bpoll é
Bhí sionnaigh óga ann!
Séamus Ó Conaire

* * *

Tá mé ag breathnú ar an dúlra
Na crainn is an spéir ghorm
Agus scamail bheaga bhána.
An cat ag rith ar nós na gaoithe
An madra ina dhiaidh.
Agus chuile dhuine taobh amuigh
Ag fáil an ghrian
Mar is lá breá é!

Lára Ní Fhatharta 1A2

* * *

Tá na crainn ag fáil glas
Is na bláthanna ag fás.
Bíonn an ghrian ag scalladh
Beagán gach lá.
Bíonn corr lá ag báisteach
Ach teastaíonn sí ann
Le gach rud a chur ag fás!
Aisling Ní Iarnáin

* * *

Tá an nádúr lán de rudaí deasa
A tharlaíonn i rith na bliana.

Bíonn an ghaoth ag séideadh chuile lá.
Caoirigh ag breith,
An ghrian ag taitneamh
Go láidir sa samhradh.

Is maith le chuile dhuine an nádúr
Mar bíonn go leor rudaí ag tarlú!

Ciarán Ó Tuathail 2A2

* * *

Tá an nádúr thar barr
Ná mill é, taisteal sa gcarr!
Is maith liom a bheith ina lár
Bíonn sé ag fáil níos fearr is níos fearr!

Sinéad Ní Mhaoláin

* * *

San oíche airíonn mé an ghaoth
Bíonn sí ag séideadh síoraí
Cloiseann mé an torann beagnach gach oíche
Nuair a bhíonn an ghaoth ann
Is na brainsí ag bualadh in aghaidh na fuinneoige.

Nuair a dhúisím an lá dár gcionn
Duilleoga ar fud na háite taobh amuigh
Ach ar nós gach rud tá crainnte go hálainn
Is iad ag fás thart timpeall gach baile.

Níl tada chomh maith leis na crainnte
Bronnann siad príobháideachas ort
Níl aon duine i do mhullach
Is crainn mar theorainn.
Tá crainnte ann do na héin
Tá crainnte ann don tine chnámh
Tá crainnte ann don phicnic faoina scáth
Tá crainnte ann don chluiche "i bhfolach".

Susanne Ní Chualáin 2A2

* * *



Tá aimsir is bealaí difriúla ag gach séasúr.
Nuair a bhíonn séasúr amháin thart
Tagann ceann eile ina áit.

San earrach tosaíonn gach rud nua ag fás.
Osclaíonn an bláth.
Lus an chromchinn.

Sa samhradh bíonn na laethanta go deas fada.
Bíonn an ghrian amuigh ag scalladh anuas
Bíonn sí lán le brí!

Sa bhfómhar titeann na duilleoga ó na crainnte.
Tosaíonn na tráthnónta ag fáil dorcha arís.

Sa ngeimhreadh tagann an fuacht.
Agus uaireanta bíonn na sléibhte thuas
Bán leis an sneachta.

Seo é obair an nádúir.
Gach séasúr difriúil is álainn ina bhealach féin.
Tá an nádúr beo, ag gluaiseacht i ngan fhios
Seo rud nach bhfuil duine ar bith in ann a athrú.

Is déanann an nádúr é seo arís is arís eile.

Sinéad Seoighe 2A2

* * *

Tá an nádúr timpeall anseo an-deas
Tá na hainmhithe is bláthanna thar barr.
Tá na crainn ghlasa go hálainn
Agus nuair a thiteann duilleoga
Titeann siad i ngach áit!

Seán Ó Nualláin Ó Tuathail

* * *

Tá clabhtaí sa spéir
Tá bláthanna sa bhféar
Tá na laethanta níos faide
Tá an t-earrach anseo.

Tá an ghrian ag scalladh
Tá sé ag fáil níos teo
Cloisim an chuach
Gach tráthnóna amuigh.

Is breá liom an t-earrach
Is séasúr an-deas í
Nuair a imíonn an t-earrach
Imíonn an chuach.

Tá rud éigin san earrach
Atá níos fearr ná an samhradh;
Is rud é nach bhfuil mé in ann
A scríobh síos ar pháipéar!
Ciarán Seosamh Ó Fatharta 2A2

* * *

Ó nach iontach muid anois
Muid ag taisteal inár gcarr.
Nach muid a bhíonn go tuirseach
Ag strus agus ag an trácht,
Muid ag tiomáint anonn is anall
Is gnó againn i ngach áit.

Ní raibh an faisiún ag ár sinsir
Nuair de shiúl naa gcós
A thug siad leo an lá,
Folláin agus spleodrach
Ag spágáil i ngach áit.

Anois is an saol dá thachtadh
Ag astaíochtaí agus drámhaí
B'fhiú dúinn sampla sin ár sinsear
A thógáil suas
Agus an bóthar a shiúl!
Aoife Ní Chadhain

Ba cheart an aois vótála a ísliú ó 18 go 16!

Cóilín Ó Coileáin

Cloisim díospóireacht anois is arís ar an aois vótála a ísliú go sé déag agus caithfidh mé a rá go bhfuil mé go mór ina fhabhar.



Luíonn sé le reasún go mba cheart an aois a ísliú mar gurb iad an t-aoisghrúpa óg seo na daoine is eolasaí faoi chúrsaí vótála. I staidéar a rinneadh, scóráil an t-aoisghrúpa 15-17 i bhfad níos airde ar cheisteanna polaitíochta ná iad seo idir 24-25.

Sa rang OSSP déantar bréagthoghcháin agus toghcháin comhairlí scoláirí a reáchtáil. Seasann muide, na daoine óga, mar iarrthóirí, tagann polaiteoirí mar aoichainteoirí is ceistíonn muid iad, foghlaimíonn muid cén chaoi a n-oibríonn an ionadaíocht chionmhar agus ní bhíonn uainn ach seans ár dtaithí a chleachtadh. Ach an dtugtar seans dúinn? Beag an baol! Fágтар faoi na seanleids é a vótálann de réir paisin don pháirtí céanna dár vótáil a sinsir, beag beann ar cé is oilte don jab.

Tá 16 óg ach ní hé sin le rá nach bhfuil déagóir in ann cinneadh ciallmhar a dhéanamh. Is iomaí ógánach sé bliana déag atá níos ciallmhaire ná ógánaigh ocht mbliana déag atá ag blaiseadh den tsaoirse mar mhic léinn ollscoile is mar oibrithe den chéad uair. Tá sé tamall ó bhí siadsan ag staidéar OSSP. Ní fiú leo dul abhaile le vótáil is iad ina gcónaí as baile. Fágтар an vóta gan caitheamh. De réir na staitisticí is iad an t-aoisghrúpa ó 18 go 25 an dream is lú a vótálann.

Cruthaíodh i Hannover na Gearmáine nuair a tugadh an vóta d'ógánaigh sé bliana déag gur úsáid 56% díobh é i gcomparáid le 49%

díobh siúd a bhí idir ocht déag agus fiche cúig.

Daonlathas an córas polaitíochta atá againnne anseo. Ciallaíonn seo go bhfuil cead ag saoránaigh na tíre a dtuairimí a thabhairt faoi ritheacht na tíre. An bhfuil sé daonlathach vóta a choinneáil ó dhaoine atá ag fágáil na scoile agus a chead acu? Tá cead ag daoine an scoil a fhágáil ó bhíonn siad sé déag agus tá ógánaigh ag fágáil. Tá siad seo ag íoc cánach má tá siad ag saothrú. Cén fáth nach féidir leo breith a thabhairt faoi cén chaoi a gcaitear a gcuid airgid? Cén fáth nach dtugtar cead do dhaoine óga a dtuairimí a nochtadh faoin gcóras oideachais? Nach iad is oilte tuairimí a bheith acu faoi.

Daoine óga sé bliana déag, agus go deimhin faoi sin, a thoghann comhairlí scoláirí, Comhdháil na nÓg agus Dáil na nÓg ar fud na tíre agus nach fóna mar a oibríonn siad. Agus cheapfainn go n-aontódh sibh gur bean ábalta ina post í Emily Logan, Ombudsman na nGasúr. Chuala mé agallamh léi ar an teilifís agus bhí sí ag caint ar dhaoine óga a ghlac a seans í a chur faoi agallamh sul má toghadh í. Cinneadh eolasach ó dhaoine ciallmhara.

Bítear ag clamhsán faoi easpa cearta daonna i dtíortha cosúil le Nicearagua agus Cúba ach tugtar a gcearta daonna vótála dóibh siúd atá sé bliana déag agus san Iaráin cúig déag an aois vótála. Tá sé in am againn a theacht amach as an aois dhórcha agus an aois vótála a ísliú.

Na Daoine Bochta

Séamus Ó Conaire

Fadó sa mbliain 1845, bhí beirt leaids ina gcónaí i gConamara sa teach céanna. Bhí garraí mór fataí ar chúl an tí. Ach scrios an Gorta Mór a bhí in Éirinn an bhliain sin na fataí orthu. Ag an am céanna bhí an fear seo as Sasana ag tógáil cíosa ón mbeirt ar an teach. Pádhraic agus Séamus na hainmneacha a bhí ar an mbeirt fhear.

Lá amháin chuaigh siad ag baint na bhfataí chun airgead a fháil orthu ach bhí na fataí scriosta ag an nGorta mar a dúirt mé. Thosaigh Pádhraic agus Séamus ag caoineadh mar nach raibh siad in ann airgead a fháil de bhrí nach raibh fataí acu. Bhí orthu airgead a fháil le tabhairt don fhear a mba leis an teach agus an garraí.

Tháinig an fear an lá sin. Tomás an t-ainm a bhí air agus ní raibh aon Ghaeilge aige. Chuir sé amach a lámh le haghaidh an airgid ach ní bhfuair sé pingin rua. Chaith sé an bheirt amach as an teach. Bhí siad ag caoineadh le trua dóibh féin – bhí siad fágtha gan an díon féin os a gcionn!

Chonaic seanbhean an bheirt ag dul an bóthar. Dúirt sí leo a dhul suas ar an bportach agus go bhfeicfeadh siad dhá chloch mhóra mhillteacha thuas ansin agus go raibh spás faoi na clocha dóibh le cónaí ann. Dúirt sí leo go mbíodh daoine ina gcónaí ann fadó. Chaitheadh siad ó earrach go fómhar ann chuile bhliain. Ansin théadh siad chun cónaí le cairde ar feadh an chuid eile den bhliain.

Ghlac Pádhraic agus Séamus buíochas leis an tseanbhean. Chuaigh siad suas an lá sin agus chuir siad fúthu faoi scáth na cloiche. Sa ngeimhreadh théadh siad go dtí teach na seanmhná. Choinnigh orthu mar seo go dtí go bhfuair Pádhraic bás. Ansin chuaigh Séamus go Sasana chun obair a fháil.

Tháinig sé ar ais tar éis dhá bhliain agus rinne sé teach. Phós sé bean as Contae an Chláir agus mhair siad go sona sásta ina dhiaidh sin.

Luach an Airgid

Sinéad Seoighe

“Oscail an geata, a Nóra!”

Léim mé amach as an gcarr is bhuaile gaoth úr na maidine mé is mé ag oscailt an gheata. Taobh amuigh den doras, bhí mamó is í ina suí ar chathaoir ag fanacht linn, réidh don lá mór.

Bhí mamó ag fanacht leis an aonach seo le píosa anuas, chomh maith liomsa ar ndóigh! Bhí mála ina lámh aici, lán le hairgead a cheap mise. Bhí mé ag gáire liom féin mar, in áit éigin i mo cheann, cheap mé go mbeadh cuid den airgead sin agamsa, dá mbeinn go maith di!

Bhí an t-aistear amscaí, ní raibh mórán le rá mar sin ní raibh ach cúpla focal le cloisteáil anois is arís. Bhíomar ciúin an chuid is mó den am. Bhí mé ag breathnú amach an fhuinneog ach ní raibh le feiceáil ach fásra glas is donn is cruach mhóna anseo is ansiúd.

Sa deireadh shroich muid an t-aonach ar an Teach Dóite. Bhí dhá thaobh an bhóthair plódaithe le carranna. Ní raibh áit le fáil againn chun páirceáil.

“Imigí sibhse amach as an gcarr is gheobhaidh mise áit pháirceála,” a deir deaide linn.

Amach linn is as go brách le deaide. D’fhéach mé timpeall, bhí capaill i ngach áit, asail de gach sórt, daoine ag siúl timpeall, bhí an bóthar plódaithe agus cosa na gcapall réidh chun ionsaithe.

Bhí duine ansin ina sheasamh leis na hainmhithe a raibh a gcuid fionnaidh fós fliuch ón oíche roimhe sin. D’fhéach mé i súile donna an asail ba ghaire dom, lán le huaigheas ar nós go raibh a fhios aige nach bhfeicfeadh sé a sheanmháistir arís. Bhuail faitíos mé.


“A mhamó! A mhamó! Cá bhfuil tú?”

Cén áit a raibh sí? D’fhéach mé timpeall na háite go géar. Ansin rug mo shúile uirthi – bhí sí agam! Rith mé chuici go tobann ar fhaitíos go n-éalódh sí uaim arís.

“Cé mhéad ar an gcapall sin?” a d’fhiafraigh sí is í ag féachaint suas ar an bhfear seo is hata slachtmhar ar a cheann. Bhí sé ag déanamh suas a intinn cé mhéad a dhíolfadh sé a capall deas folláin air.

“Trí mhíle is em dhá chéad,” a scairt sé sa deireadh.

Chuir mamó suas a lámh ar bhealach a dúirt nach raibh sí ag iarraidh níos mó a chloisteáil is shiúil sí léi agus mise is mo dheirfiúr ina diaidh. Thosaigh sé ag báisteach agus rith muid ar an bhfoscadh. Bhí claí ard ag tabhairt foscaidh ón ngaoth. D’fhan mé féin is Síle ann go dtí gur



stop an bháisteach throm ach d’imigh mamó ag féachaint ar na capaill a bhí os ár gcomhair. Ag an bpointe seo, ba chuma liom gur imigh mamó ón bhfoscadh ach fós bhí mo shúile uirthi an t-am ar fad ar fhaitíos go ndéanfadh sí aon rud aisteach!

Tháinig capall mór fiáin ag rith inár dtreo. Go tobann chuala mé rabhadh: “Seachain!”

D’imigh an capall tharainn ag crochadh a cosa suas san aer, í réidh le hionsaí. Bhí fear amháin is bhí greim aige ar rópa is é ag rith mar go raibh an capall ag tarraingt an fhir bhoicht ina diaidh. Fear eile, rith sé, rug sé ar an rópa is bhí gach rud ceart go leor arís.

Ní raibh mé in ann mo shúile a chreidiúint. D’fhéach mé ar ghnúis Shíle, mo bhéal oscailte. Bhí muid ag féachaint ar a chéile ar nós “an bhfuil sé sin théis tarlú?” Ansin thosaigh muid ag gáire lena chéile. Stop mé soicind. D’fhéach mé ar mhamó is bhí sí ag tochailt ina mála. Chonaic mo dheirfiúr é seo freisin.

Shiúil mé chomh fada le mamó go ciúin is mé ag craitheadh mo chloiginn.

“Ná habair liom go ndearna sí an rud a bhí mé ag iarraidh stop a chur leis ó thúis an lae seo. Ná habair liom liom gur cheannaigh sí capall!”

D’fhéach mé suas is bhí nótaí glasa céad euro aici ina lámh is bhí bean ann is a lámha sínte amach aici. Níor chreid mé é! Ceann i ndiaidh ceann, bhí an t-airgead ag dul chuig lámh eile is ní raibh tada a bhí mé in ann a dhéanamh faoi. Bhí an margadh déanta agus bhí an craitheadh láimhe ar siúl. Thóg mé mo shúile di ar feadh dhá shoicind agus féach céard a rinne sí!

“A mhamó, céard a cheannaigh tú?”

“An capall sin ansin. Nach bhfuil sí go breá!”

D’fhéach mé ar an gcapall. Nuair a bhí mé chun mo bhéal a oscailt, stop an fear mé.

“Ní shin an capall a cheannaigh tú, ach an ceann seo anseo.” Bhí an fear ag síneadh a mhéir chuig capall beag donn. Ní hé nach raibh an capall go deas ach ní ceann í a roghnódh mise. Bhí na cosa cam is bhí a ceann róbheag dá corp. Bhí sí aisteach. Ní raibh aon dul as. Bhí an margadh déanta. Taobh thiar díom, bhí deaide ag tabhairt amach do mhamó, rud nach bhfaca mé ariamh go dtí sin.

“Ó tar liom, tá ocras ormsa,” a chuala mé is níor ghá é a rá an dara huair. Cheangail muid an capall aisteach den gheata is shiúil muid isteach sa mbialann. Shuigh deaide is Síle síos is chuaigh mise is mamó suas chun bia a fháil.

“Is deas é an cupán tae théis lá fuar amuigh,” arsa mamó. Cheannaigh sí scónaí is tae deas te. Shuíomar síos agus bhí mise taobh le Síle agus mamó is deaide ar an taobh eile den bhord, eisean ag ithe go crosta agus mamó go sásta léi féin. D’fhéach mé féin is Síle ar a chéile ag iarraidh gáire faoin rud ar fad ach choinnigh muid istigh é mar bhí a fhios againn go raibh deaide ag dul ag pléascadh nóiméad ar bith.

Sa deireadh bhí sé in am againn ar fad siúl ar ais go dtí an carr, tuirseach théis eachtraí an lae. Níor tháinig aon rud maith as an lá ach capall aisteach ar fad! Tar éis an lae sin níor thugamar mamó chuig an aonach arís!

Sa Sceach Driseacha

Sharon Ní Bheoláin

Maidin amháin dhúisigh Pádhraic Óg Mhicilín agus pian aisteach ina thaobh. D'éirigh sé amach as an leaba, chuir sé air a chuid éadaí agus chuaigh sé isteach sa gcistin. Istigh sa gcistin, bhí a bhean Máire agus a chuid gasúr, Jeaic agus Saoirse. Dúirt sé le Máire nach raibh sé ag aireachtáil rómhaith.

"Tá pian i mo thaobh," a dúirt sé.

"Déanfaidh mé coinne duit leis an dochtúir," a dúirt Máire leis.

Fuair sí coinne dó le haghaidh a dó dhéag a chlog, meán lae.

Thug Máire na gasúir ar scoil. Rinne sí an cúpla rud a bhí le déanamh aici roimh a dó dhéag a chlog. Ansin thug sí Pádhraic sa gcarr, ach tharla an rud is aistí di ar an mbealach ann. Bhí sí ag tiomáint suas bóthar an dochtúra nuair a fuair Pádhraic spléachadh de rud éigin bán sna driseacha.

"Stop an carr, stop an carr, stop an carr!" a bhéic Pádhraic.

Bhí sé deacair ar Phádhraic a bheilt a bhaint de.

"Téigh amach agus breathnaigh tríd na driseacha sin," a dúirt sé le Máire.

Bhain Máire di a beilt, d'oscail sí an doras agus céim ar chéim shiúil sí anonn chuig an sceach driseacha. Bhí sí ina seasamh os comhair an tom driseacha ar feadh tamall fada sul má bhreathnaigh sí isteach sa tom. Sin an uair a phreab sí! Chonaic sí go leor fola. Bhreathnaigh sí níos géire agus chonaic sí píosaí de chorp. Thosaigh sí ag scréachaíl agus rith sí isteach sa gcarr.

"Céard a chonaic tú?" a dúirt Pádhraic.

"Ch-ch-chonaic m-mé c-c-corp."

"Chonaic tú corp? Ó! A Mhac Dé!"

Ghlaoigh Pádhraic ar na Gardaí agus tháinig siad gan aon mhoill.

"Caithfidh mé sibh a thabhairt chuig stáisiún na nGardaí le ráiteas a fháil uaibh," arsa an garda.

Isteach leo chuig an stáisiún agus thug siad ráiteas faoin gcorp sa tom agus mar a chonaic siad é. Ansin dúradh leo dul abhaile. Ag dul amach doras an stáisiúin a bhí siad nuair a thit Pádhraic bocht le pian. Anois a bhí an chraic ann mar b'éigean é a thabhairt chuig an ospidéal i gcarr na nGardaí! Bhí soilse gorma ar siúl acu agus ba pian goile a bhí air. Cuireadh obráid air agus bhí sé ceart faoi cheann cúpla lá.

Scaoileadh abhaile é tar éis seachtaine. Ní i bhfad a bhí sé sa mbaile nuair a tháinig na Gardaí chuige. Bhí scéala acu faoin gcorp a fuair siad. Ba dochtúir craiceáilte a mharaigh an fear bocht, ach cuireadh chun báis an dochtúir féin tar éis cúirt a chur air.



An Fuadaitheoir

Robert Breathnach

Lá amháin bhí fear darbh ainm Brian ag teacht amach as an bpríosún. Bhí cúig bhliana caite aige ann mar gur fhuadaigh sé fear. Bhí go leor cairde ag Brian agus bhí siad ag smaoineamh ar fhuadach a dhéanamh chun airgead a fháil dóibh féin ach ní raibh siad ag iarraidh go mbéarfaí orthu. Mícheál, Seán, Daniel agus Aodán ainmneacha na gcairde. Bhí Brian tríocha bliain d'aois, Seán agus Aodán scór agus bhí Daniel fiche a naoi.

Shocraigh siad ar mhac le fear saibhir as an áit a fhuadach. Is é an t-ainm a bhí ar an mac ná Tomás agus Marcus ainm an athar. Bhí sé ceaptha acu é a fhuadach faoi cheann seachtaine, ar an Satharn. Bhí siad tamall ag pleanáil cén chaoi a ndéanadh siad an fuadach.

An Aoine roimh an lá mór bhí Brian an-neirbhíseach. Ní raibh sé in ann codladh. Nuair a tháinig an mhaidin, bhuail chuile dhuine suas lena chéile agus shocraigh siad cén t-am a dtarlódh an fuadach. Bhí sé beartaithe acu an fuadach a dhéanamh ag a dó a chlog agus anois bhí sé a haon déag. Bhí gunna an duine ag an gcúigear acu. Ní raibh le déanamh acu anois ach fanacht.

Bhí a fhios acu go mbeadh sé ag dul chuig an siopa ag a dó. Bhí siad ann roimhe agus *balaclavas* orthu. Rug siad air agus chaith siad isteach sa veain a bhí á thiomáint acu é. Dúirt siad leis dá dtosódh sé ag screadach go maródh siad é. Ghlaoigh siad ar a athair. Dúirt siad leis go raibh a mhac acu agus mura bhfaigheadh siad cúig mhilliún euro go maródh siad é. Bhí áit socraithe acu chun casadh leis chun an bhabhtáil a dhéanamh.

Bhí an bhabhtáil déanta nuair a tháinig na Gardaí orthu. Rith siad ach rug na Gardaí ar Bhrian. Chuaigh an ceathar eile chuig an aerfort agus cúig mhilliún euro acu. Chuaigh siad chuig an bPoirtingéil. Bhí sé deich mbliana sul má tháinig siad ar ais go hÉirinn arís.

Brian bocht, tugadh go dtí an chúirt é agus fuair sé cúig bhliana príosún. Inniu bhí sé saor arís. Saor le dhul ar thóir a chairde agus a sciar den chúig mhilliún!

An Sioc Mór 2011

Seán Ó Nualláin-Ó Tuathail

Bhí sioc mór ann i mbliana. Bhí an bháisteach á reo ar an bpointe is a bhuaíl sí an talamh. Bhí sé ina chéasadh! Bhí an leac oighir chomh tiubh is nach mbrisfeadh carr é. Bheadh an-jab ag an trácht mór féin é a scoilteadh! Bhí sé an-an-chrua mar aimsir. Bhí daoine ag fáil bháis leis an bhfuacht, bhí sé chomh dona sin.

Ach bhí an-chraic ag na gasúir taobh amuigh. Bhí siad ag caitheamh liathróidí sneachta lena chéile agus ag scátáil ar an leac oighir agus ag leagan a chéile sa sneachta agus ar an leac oighir. Má bhí cnoc acu le taobh an tí, rinne siad sléigh le dul síos an cnoc sin agus iad i málaí móra nó i málaí beaga fiú! Bhíodh siad ag caitheamh miotóga, agus hataí ar a gcloigne. Thagadh siad ar ais abhaile fliuch báite nó b'fhéidir iad a bheith chomh tinn le seanmhiúile de bharr a gcuid ama ar an sioc is ar an leac oighir.

Bhí scoileanna dúnta tríd an tír uilig. Bhí an t-ádh dearg ar na scoileanna sin. Ní raibh muide, i scoil s'againne, saor ach ar feadh leath lae amháin! Cuireadh abhaile luath muid agus bhí gach duine chomh sásta, ag léimint amach as a

suíocháin agus iad ag búireach agus ag scréachaíl os ard. Bhí an t-uisce reoite agus ní raibh sé ag obair ar chor ar bith! Ní raibh na leithris féin ag obair dá bharr!

Cé go raibh an trácht ag dul an-mhall ar an mbóthar, bhí go leor timpistí ann. Bhí go leor daoine ag súil go mbeadh an sioc imithe go luath agus bhí an ghráin acu ar "an sioc dubh" a bhíodh ar na bóithre móra ar fhaitíos go mbeadh timpiste acu. Bhí daoine an-fhaiteach dul ar na bóithre – bhíodar ag imeacht cúig mhíle san uair ar bhóithre na Gaillimhe agus bhí faitíos ar chuid dul ar bhóthar ar bith.

Tá an leac oighir go dona agus tá an sneachta chomh dona, nó níos measa fiú, agus sin an méid atá le rá agamsa faoin leac oighir, sneachta agus an sioc mór!



Agus mé amuigh ag siúl ...

Clíodhna Ní Fhlanachadha

Tráthnóna breá a bhí ann. Bhí mé amuigh ar shiúlóid bheag síos go dtí an chéibh. Bhí mé i mo sheasamh in aice leis an mbád mór seo a bhí ceangailte thíos ann. Thosaigh mé ag cloisteáil torann ag teacht ón mbád. Torann aisteach a bhí ann. Ba cosúil le torann duine a bhí ag réabadh é. Scanraigh mé. Ach fós féin níor fhág mé an áit!



Tar éis tamall gearr, chuaigh mé síos na céimeanna go dtí an bád. Sheas mé ag a mbun. Dúirt mé liom féin nach raibh mé chun seasamh ansin níos faide. D'oscail mé doras an bháid go réidh agus isteach liom. Bhí an bád réasúnta fairsing taobh istigh. D'oscail mé doras seomra a bhí os mo chomhair agus chonaic mé cailín ina suí ar chathaoir. Bhí a dá lámh agus a cosa ceangailte. Bhí sí thart ar naoi mbliana d'aois. Bhí téip ar a béal.

Tharraing mé an téip dá béal. D'inis sí dom go raibh fear tar éis í a fhuadach. Bhí an-eagla uirthi mar go ndúirt an fear léi go raibh sé chun í a mharú! Dúirt mé léi go raibh mé chun glaoch a chur ar na Gardaí.

"Ceart go leor," a dúirt sí liom.

Tar éis tamaill tháinig na Gardaí. Bhí an cailín bocht cráite nuair a scaoileadh í. Tháinig tuismitheoirí an chailín bhig agus bhí siad buíoch. Fuair na Gardaí greim ar an bhfear tar éis cúpla uair ar a thóir.

D'imigh mé abhaile agus bhí mé traochta. Ba mé laoch an lae! Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an bhfuadach sin!

An bhfaca tú Lady Gaga?

Fionnuala Ní Chualáin

Tar éis uimhir a haon a thógáil sna cairteanna ceoil, bhí Lady Gaga ag saothrú go leor airgid. Bhí sí ag déanamh ceolchoirmeacha ar fud na hEorpa. Bhí an turas agus an cheolchoirm dheireanach le bheith sa bhFrainc. Bhí slua an-mhór ag an gceolchoirm an oíche sin agus bhí siad ag dul fiáin! Díreach nuair a bhí siad chun an t-amhrán deireanach a chasadh, d'imigh na soilse as. Lig chuile dhuine scread astu. Ní raibh na soilse ach fiche soicind imithe ach nuair a tháinig siad ar ais, ní raibh Lady Gaga le feiceáil ar stáitse. Thosaigh an slua ag screadach "Gaga! Gaga!" ag iarraidh uirthi a theacht ar ais. Ach ní raibh sí le fáil!

An chéad rud eile ná go dtáinig lucht slándála agus na Gardaí ar stáitse agus dúirt siad glas a chur ar na doirse. Ní raibh cead ag aon duine an halla a fhágáil. Faoi dheireadh thosaigh siad ag ligean daoine amach ina nduine is ina nduine, tar éis dóibh fiosrúchán a chur ar siúl agus daoine a cheistiú. Ní raibh le cloistéáil ach "An bhfaca tú Lady Gaga?"

An chéad lá eile, nuair a chas muintir na hEorpa air a gcuid teilifíseán ní raibh tada ar na cinnlínte nuachta ach "Fuadaithe! An bhfaca tú Lady Gaga?" Ní raibh sí le fáil in aon áit. Bhí na Gardaí scaipthe suas is síos ar fud na Fraince á cuartú. An oíche sin ag a deich a chlog cuireadh glooch ar bhainisteoir Lady Gaga.

"Heileo! Cé leis a bhfuil mé ag?" Ní bhfuair sé an seans an abairt a chríochnú.

"Éist! Agus éist go cúramach!" a dúirt an duine ar an taobh eile den ghuthán.

Níor dhúirt an bainisteoir focal.

"Má tá tú ag iarraidh Gaga a fheiceáil ariamh arís, tóg milliún euro leat agus beidh mé ag fanacht leat faoin Túr Eiffel i gceann deich nóiméad. Ná smaoinigh ar na Gardaí nó maróidh mé í!"

Bhí an bainisteoir ag creathadh. Ní raibh a fhios aige céard ab fhearr dó a dhéanamh. Ar cheart dó glooch ar na Gardaí? Rith sé chuig an taisceán agus thóg sé amach an t-airgead. Chuir sé glooch ar na Gardaí ach dúirt sé leo go gcaithfeadh siad dul faoi chlúdach nó go marófaí Lady Gaga.

Ag a deich tar éis a deich bhí an bainisteoir ag fanacht faoin Túr Eiffel ach ní raibh aon duine le feiceáil. Ansin chuala sé glór ag rá: "Tá tú déanach."

Chas sé timpeall agus chonaic sé fear ramhar le seodra óir air. Bhreathnaigh sé ar nós duine éigin ón *Mafia*.

"An bhfuil an t-airgead agat?"

"Tá."

"Leag ar an talamh é!"

Chrom an bainisteoir síos agus leag sé an t-airgead ar an talamh.

"Anois cá bhfuil sí?" ar seisean.

"Tá sí ina suí sa gcarr."

"Ní fheicim í."

"Mar tá fuinneoga dorcha ar an gcarr!"

Is Range Rover a bhí sa gcarr, rud a chuir an bainisteoir ag smaoineamh go raibh an fear seo saibhir go leor. An chéad rud eile d'oscail doras an chairr. Tháinig fear agus bean amach. Bhí púicín uirthi agus bhí a cuid lámha ceangailte le rópa. Ansin chuala sé iad ag rá go gcomhairfeadh siad go dtí na trí agus go ligfí saor í.

"Aon, dó, tr..."

"Stop ansin! Cuir do chuid lámha san aer!"

Na Gardaí a bhí ann. Lig siad Lady Gaga saor agus rith sí chuig an mbainisteoir. Thosaigh sí ag caoineadh le háthas. Bhí sí chomh sásta go raibh sí saor agus go raibh sí sábháilte arís.



Céard a tharla?

Oisín Bolustrom

Lá amháin chuaigh Joe go dtí an Dart le dul ag obair. Ach nuair a bhí sé ar an traein, stop sé. Ní raibh aon duine air ach é féin. Bhí go leor ar an traein eile in aice leis. D'imigh an solas as agus sheas Joe suas. D'éirigh sé agus chuaigh sé go dtí an doras le dul ar an Dart eile ach ní osclódh an doras. D'imigh sé go dtí cúl na traenach agus thosaigh sé ag caoineadh.

"Lá breithe sona dom,
Lá breithe sona dom,
Lá breithe sona, a Joe,
Lá breithe sona dom!"

Bhí Joe i sáinn ach bhí go leor bia aige. Ní raibh a fhios aige cén chaoi a rachadh sé isteach sa gceaintín ar an traein – bheadh níos mó bia aige ansin! Chaithfeadh sé go mbeadh a fhios ag duine éigin go raibh sé sáinnithe anseo. Thosaigh sé ag siúl anonn is anall. Ansin chuala sé screadaíl. Bhí duine éigin eile sa traein. Ach bhí eagla air. D'imigh sé go dtí an doras céanna ar imigh sé chuige roimhe sin. An dara huair d'oscail sé.

"Heileo! Heileo! An bhfuil aon duine anseo?"

Sheas fear suas agus bhí sé sásta. Bhí fear eile sa traein. D'fhiafraigh an fear eile cén t-ainm a bhí air.

"Is mise Joe. Agus tú féin?"

"Is mise Pól. Ní raibh a fhios agam go raibh duine eile sa traein a raibh fadhb aige."

Céard faoi a bhí sé ag caint? Go tobann chuala siad duine éigin ag siúl ar bharr na traenach.

"Céard é sin?"

"Sin é an fear atá dár gcoinneáil istigh," a d'fhreagair Pól.

Ansin chuaigh Joe go dtí an ceaintín agus bhí go leor bia ann. Fuair sé amach gach rud a bhí ar siúl. Bhí Pól ina shuí síos le Joe ag caint leis faoi céard a bhí ag tarlú. Ansin stop sé ag caint agus dúirt Joe gurb é a bhreithlá a bhí ann. Thóg Joe amach slis cháca. Ansin smaoinigh sé go raibh stáisiún gardaí gar don áit. Rith Joe go dtí deireadh an cheaintín agus chonaic sé áit éigin le dul amach. Ghlaoigh sé ar Phól agus rith siad chuig an stáisiún. Ansin chuaigh siad i bhfolach. Fuair siad an fear a choinnigh iad sa traein ar feadh an achair sin agus bhí cóisir mhór ag Joe lena chlann an oíche sin.

Dúnmharú ar an Traein

Eimear Ní Chonaire, Coláiste Cholmcille

Lá amháin chuaigh mé féin agus mo chara ar an traein le dul go Baile Átha Cliath. Chas feairín orainn agus dúirt sé de ghlór mór: “God bless your souls”. Bhreathnaigh mé féin is mo chara air ag ceapadh gur ag magadh a bhí sé. Ach ní raibh sé ag magadh. Bhí sé dáiríre! Ansin thit sé ar an urlár agus thosaigh gach duine ag screadaíl. Stop an traein go tobann. Bhí an fear marbh! D’éirigh mo chara den suíochán agus bhreathnaigh sí air ceart mar go mba dochtúir í. Dúirt sí go mba duine ar an traein a mharaigh é. Tháinig na Gardaí agus an t-otharcharr agus sheiceáil siad rudaí.

Bhí an mála céanna ag an bhfear agus ag mo chara – ceann dubh a d’fhéadfá a chur timpeall do mhuineáil. Nuair a bhí muid ag dul amach as an traein phioc sí suas a mála féin (nó sin a cheap sí) agus fuair muid traein eile go dtí Dún Droma agus chuamar ag ithe i MacDonald’s. Ansin chuamar ag siopadóireacht. Níor oscail mo chara a mála mar gur mise a d’foc as an mbéile agus nár cheannaigh sise tada. Ar an mbealach abhaile bhí na Gardaí fós ar an traein ag fiafraí ceisteanna d’aon duine a bhí ar an traein an mhaidin sin. D’fhiafraigh garda dinn an raibh muid ann nuair a fuair an fear bás. Ansin d’fhiafraigh sé dinn cén chaoi ar tharla sé. Dúirt muid gur shuigh sé san áit a raibh mála ar an suíochán in aice linn. Dúirt muid gur luigh sé siar agus gur iarr sé ar mo chara a mhála a thabhairt dó. Thug sí dó an mála a bhí in aice léi ar an suíochán. An chéad rud eile thit sé as a sheasamh agus fuair sé bás. Fuair sí scanradh nuair a thit sé agus bhí fuil le feiceáil i ngach áit. Thosaigh gach duine ag screadaíl ansin agus ghlaoigh duine éigin ar otharcharr. “Ceart go leor, má bhíonn aon aon rud eile, cuirfidh muid glaoch oraibh,” a deir na Gardaí.

Ansin nuair a bhí an traein beagnach i nGaillimh bhí mo chara ag féachaint ina mála. Nuair a bhreathnaigh sí isteach sa mála, airgead agus fón difriúil a bhí ann. Bhí a fhios aici gur leis an bhfear úd an mála ach bhí an fear marbh mar sin ní dhéanadh sé aon dochar an mála a thógáil. Nuair a d’inis sí dom faoin airgead, d’fhiafraigh mé di cé mhéad airgid a bhí ann. Dúirt sí thart ar dhá mhíle euro. “Céard a dhéanfaidh mé leis?” a d’fhiafraigh sí díom. Dúirt mé léi gur cheart di dul chuig na Gardaí. Chuaigh sí suas agus d’fhiafraigh sí den gharda an bhfaca siad aon mhála ar an traein. Ansin dúirt an garda, “Ó is dóigh liom gur leat an mála seo”. “Go raibh maith agat,” a dúirt mo chara leis. Bhí orainn an bóthar a bhualadh mar go mbeadh muid déanach ag piocadh suas na ngasúr. Nuair a bhí muid leath bealaigh abhaile, d’fhiafraigh sí díom céard a dhéanadh sí leis an airgead a bhí faighte aici.

Nuair a phioc muid suas na gasúir ón scoil, d’fhiafraigh sí díom an raibh mé ag iarraidh dul go Luimneach leis an airgead a chaitheamh. Bhí an fear caillte. Ní bheadh an t-airgead ag teastáil uaidh. Ansin ghlaoigh an fón a bhí sa mála leis an airgead. “B’fhéidir gur cheart duit an fón a fhreagairt,” a dúirt mé léi ach ansin fuair sí téacs gránna a dúirt: “Tá dhá uair an chloig agat leis an airgead a thabhairt ar ais nó ní bheidh do ghasúir sábháilte!” Scanraigh muid! Bhí treoracha tugtha dúinn, chuaigh muid chuig an áit chun casadh leis na daoine. Cé tháinig ann ach dhá charr gardaí. Tháinig siad anall chugainn agus d’fhiafraigh siad dinn céard a bhí muid a dhéanamh ansin. Dúirt muid go raibh muid chun casadh le cairde ach nach raibh a fhios againn an raibh muid san áit cheart. Nuair a d’imigh na Gardaí, tháinig na daoine amach agus chaith muid an t-airgead chucu agus dúirt muid leo nár chaith muid cent de. Níl muid ag iarraidh cloisteáil faoi seo arís go deo agus trí bliana ar aghaidh níor chuala muid focal ó aon duine! Bhí an t-ádh linn!

Amú sa bhForaois Báistí

Ryan Ó Cualáin

Lá amháin bhí buachaill darbh ainm Peadar agus beirt dá chuid cairde sa bhforaois báistí in Eacuadór. Bhí siad ar fad sa gcéad bhliain sa meánscoil agus iad ar fad trí bliana déag d’aois. Turas scoile a bhí ann agus chuaigh an triúr acu amú sa bhforaois báistí de bharr nár éist siad lena gcuid múinteoirí a bhí leo ar an turas. An samhradh a bhí ann nuair a chuaigh siad amú.

Bhí sé an-te agus tais sa bhforaois. Bhí go leor crainnte agus plandaí móra thart, i bhfad níos mó ná mar atá anseo in Éirinn. Bhí cúpla ainmhí ann freisin, naithreacha agus iaguair mar shampla, ach bhí siad sin annamh. Ní fhaca Peadar ná a chuid cairde aon cheann de na hainmhithe seo, buíochas le Dia!

Bhí cúpla ceapaire ina málaf agus bhí buidéal uisce acu freisin. Shocraigh Peadar foscadh a dhéanamh don oíche. Rinne siad foscadh le trí ámóg, déanta le duilleoga, féithleoga agus adhmaid óna crainnte, istigh ann. Bhí an oíche ag titim go tapa. Bhí sé ag cur báistí ar feadh na hoíche sin.

Bhí an oíche an-fhada agus bhí na buachaillí an-tuirseach agus bhí inní orthu. Bhí faitíos orthu freisin. Bhí a fhios acu go mbeadh inní ar an ngrúpa scoile, ach nuair nach raibh a ngrúpa le fáil acu an lá ina dhiaidh sin ach oiread, d’fhan siad sa bhfoscadh ar feadh oíche eile.

Nuair a dhúisigh siad ar maidin chuala siad torann. Daoine a bhí ann is iad ag screadaíl a n-ainmneacha. Bhí na buachaillí chomh sásta gur thosaigh siad ag rith i dtreo na ndaoine. Grúpa a bhí ann, na múinteoirí scoile ina measc. Nuair a shroich siad an grúpa, bhí áthas an domhain orthu.

Sin é an uair dheireanach a mbeidh Peadar agus a chuid cairde ag pleidhcíocht in áit a bheith ag éisteacht le treoracha na múinteoirí!

